Nótaí don Dalta: Samhaltú a Úsáid

- Amharc ar na samplaí de shamhaltáin scarbhileoige a thug an múinteoir duit. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith.

- Anois amharc ar an scarbhileog a thug do mhúinteoir duit. Pléigh le do mhúinteoir í agus sainaithin na cealla sa tábla.

- Cuir isteach sa scarbhileog an fhaisnéis a fuair tú nó a thug an múinteoir duit. Seiceáil lena chinntiú go bhfuil gach iontráil mar is ceart.

- Úsáid samhaltú na scarbhileoige le tuar a dhéanamh nó le fadhb shimplí a réiteach.

- Úsáid comhadainm le do scarbhileog a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do chuid oibre a fhad is atá tú féin ag amharc ar a chuid oibre. An bhfuil na torthaí mar an gcéanna? Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Samhaltú a Úsáid

- Amharc ar na samplaí de shamhaltáin scairbhileoige a thug an múinteoir duit. Labhair faoi cé a bhainfeadh úsáid as gach scarbhileog agus faoin fháth a mbeadh sí úsáideach.

- Anois amharc ar an chás a thug do mhúinteoir duit. Pléigh le do mhúinteoir é agus sainaithin na cealla a bheas de dhíth ort don tsamhaltán scarbhileoige.

- Déan bileog bhailiú sonraí a dhearadh agus bailigh nó comhordaigh an fhaisnéis don scarbhileog agat.

- Cruthaigh an scarbhileog, agus iarr cuidiú ar an mhúinteoir má tá cuidiú de dhíth ort.

- Cuir isteach an fhaisnéis a bhailigh tú agus seiceáil go bhfuil gach iontráil mar is ceart.

- Úsáid an samhaltán scarbhileoige le tuar a dhéanamh nó leis an fhadhb shimplí a thug an múinteoir duit a réiteach.

- Úsáid comhadainmneacha le do scarbhileog agus graif ar bith a shábháil, comhadainmneacha a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do shamhaltán scarbhileoige. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Samhaltú a Úsáid

- Faigh samplaí de scarbhileoga agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.
- Anois amharc ar an chás a thug do mhúinteoir duit. Cruthaigh plean do do shamhaltán scarbhileoige trí smaoineamh ar na daoine a bhfuil an scarbhileog dírithe orthu agus faoin fhaisnéis atá de dhíth orthu. Úsáid teanga chuí a bhaineann le scarbhileog le tacú le do chuid pleanála.
- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama nuair atá tú ag pleanáil do chuid oibre agus ag déanamh eagarthóireachta air
- Bunaithe ar do phlean, déan samhaltán scarbhileoige a dhearadh atá fóirsteanach leis an fhaisnéis atá de dhíth a thaifeadadh. Bailigh nó comhordaigh an fhaisnéis don bhunachar sonraí agat.
- Cuir isteach an fhaisnéis atá bailithe nó comhordaithe agat agus seiceáil go bhfuil gach iontráil mar is ceart. Leag amach aon ghraif a sainaithníodh i do phlean.
- Úsáid do shamhaltán scarbhileoige le tuar a dhéanamh nó leis an fhadhb shimplí a thug an múinteoir duit a réiteach.
- Le páirtí ranga, tástáil an scarbhileog agat. Úsáid aiseolas ón tástáil sin le hathruithe ar bith a dhéanamh, más gá.
- Sábháil do chuid oibre de réir mar a bhíonn tú ag dul ar aghaidh léi, ag úsáid comhadainmneacha ábhartha.
- Déan tagairt siar do do chuid nótaí taighde i do dhialann tionscadail. Déan nóta de dhá phríomhghné ar a laghad a fhágann go bhfuil do scarbhileog éifeachtach don lucht éisteachta agus don chuspóir dá ndearnadh é.
- Smaoinigh ar na gnéithe agus ar na tréithe i do scarbhileog a gcuirfeá feabhas orthu dá mbeifeá ag dearadh an táirge arís. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.

Nótaí don Dalta: Samhaltú a Úsáid

- Faigh samplaí de shamhaltáin scarbhileoige agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Socraigh cé acu de na tréithe seo atá ábhartha don tionscadal agat. Cosain an fáth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i do scarbhileog. Déan nóta den chosaint seo i do dhialann tionscadail.

- Agus an scarbhileog á pleanáil agat smaoinigh ar na riachtanais atá ag an lucht éisteachta ar leith atá agat. Déan nóta díobh seo mar chuspóirí do do tháirge deiridh i do dhialann tionscadail. Déan tagairt do do chuid nótaí le linn duit bheith ag dearadh lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gcuspóirí seo.

- Anois amharc ar an chás a thug do mhúinteoir duit. Cruthaigh plean do do shamhaltán scarbhileoige trí smaoineamh ar na daoine a bhfuil an scarbhileog dírithe orthu agus ar an fhaisnéis atá de dhíth orthu agus ar aon teicnící bailíochtaithe atá de dhíth. Úsáid teanga chuí a bhaineann le scarbhileog le tacú le do chuid pleanála.

- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama nuair atá tú ag pleanáil do chuid oibre agus ag déanamh eagarthóireachta uirthi.

- Bunaithe ar do phlean, déan samhaltán scarbhileoige a dhearadh atá fóirsteanach leis an fhaisnéis atá de dhíth a thaifeadadh. Bailigh nó comhordaigh an fhaisnéis don scarbhileog agat.

- Cuir isteach an fhaisnéis atá bailithe nó comhordaithe agat ag úsáid teicnící bailíochtaithe le sonraí a sheiceáil. Leag amach aon ghraif nó tuairiscí a sainaithníodh i do phlean.

- Anois amharc ar an chás a thug do mhúinteoir duit, tástáil an samhaltán scarbhileoige agat le páirtí ranga. Cuir béim ar réimsí a gcaithfidh tú tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu sa dialann tionscadail. Déan athruithe nuair is cuí. Déan an próiseas tástála arís go dtí go bhfuil do scarbhileog chríochnaithe chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat agus tú ag cur do chuid cuspóirí san áireamh.

- Sábháil do chuid oibre de réir mar a bhíonn tú ag dul ar aghaidh léi, ag úsáid comhadainmneacha ábhartha. Comhbhrúigh comhaid le spás stórála a laghdú. Cuireann seo ar do chumas iad a roinnt go leictreonach le daoine eile.

Déan nótaí i do dhialann tionscadail le cosaint a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an scarbhileog do chuid cuspóirí tosaigh. Déan tagairt ar leith don lucht éisteachta agus don chuspóir agat.
Taifead cuspóirí ar bith nach gcomhlíonann sé go hiomlán.